





Nollaig Shona

do na

Leanaí



agus a

dTeaghlaigh

go léir







An Chéad Nollaig

Lúbrán na Nollag







réalta



aingeal

aoire



caora



uan

Cá bhfuil an t-uan?









crann nollag

bronntanais anseo

Críochnaigh an crann.



Nasc na meallta le chéile.



Tóg an t-aingeal suas an crann...





Tá Daidí Na Nollag Ann

Féach Daidí na Nollag.
Sin é, sin é.
Aon cheann amháin,
Dhá chois fé.

Cóta dearg air.
Hata bán.
Bréagáin dheasa
Agus mála lán.

Maisiúcháin na Nollag



soilse na Nollag



cuileann



coinneal

fleasc

beithilín

Ceangail na rudaí
is fearr a théann le chéile.

carr sleamhnáin



stoca Nollag



tinteán



réinfhia



hata



lámhainní



Fear Mór Sneachta

Tá srón deas dearg orm,
hata ar mo cheann,
tá píopa i mo bhéal,
ach níl tobac ar bith ann.

Tá scaif ar mo mhuineál,
scuab i mo lámh chlé.
An bhfuil a fhios agat cé mise?
Is fear mór sneachta mé!

Dathaigh leis na dathanna seo:

1 bándearg
2 buí
3 corcra
4 dearg
5 flannbhuí
6 glas
7 gorm
8 liath
9 uaine

---- curfá ----



Bualadh bos, bualadh bos,
buailfimís go léir,
Tá Daidí na Nollag ag teacht anocht,
anuas an similéar.
Ó, bualadh bos, bualadh bos,
buailfimís go léir,
Tá Daidí na Nollag ag teacht anocht
anuas an similéar.

Tá an Nollaig buailte linn,
tá áthas ins an aer.
Tá sneachta ar an dtalamh,
tá réaltaí ins an spéir.
Táimid ag dul a chodladh
is tá ár stocaí réidh.
Tá Daidí na Nollag ag teacht anocht
anuas an similéar.

Curfá



A Dhaidí, brostaigh ort,
is cuir do mhála síos.
Líon suas an stoca beag
le feiríní arís.
Is mithid duit imeacht
suas an simléar.
Tá leanaí beaga ag feitheamh leat
i ngach aon áit faoin speir.

Curfá

Áiseana do Thuistí

Seinnliosta ar YouTube
Amhráin do Leanaí Óga

Seinnliosta ar YouTube
Scéalta do Pháistí

Amhráin na Nollag
Focail agus físeáin

Nollaig 🎄🕯️👼 Lá an Dreoilín
Áiseanna agus moltaí

teanglann.ie
Leabharlann Teanga agus Foclóireachta

focloir.ie
An Foclóir Nua Béarla-Gaeilge

Litríocht; gach leabhar Gaeilge i gcló - www.litriocht.com

An tSnáthaid Mhór - www.antsnathaidmhor.com

Leabhar Breac - www.leabharbreac.com

Cló Iar-Chonnacht - www.cic.ie

Futa Fata - www.futafata.ie

Gaeloideachas